# IORRAS

**An scéal is mó fríd Iorras le** seaċtain nó ḋó anuas, nó Comar-Ċumann na n-Iascairí. An fear a toġaḋ mar rúnaí ar an Comar-Ċumann, agus atá freagarṫaċ as cuid mór den eagraíoċt atá taoḃ ṫiar de, ná Annraoí Ó Corduiḃ, Cisteoir Ṁuintir Náisiúnta na Gaeltaċta, agus fear a ḃfuil cuid mór déanta aige ar son ceantar Iorrais agus Ṁuiġeo Ṫuaiḋ. Is cinnte, nuair atá fear mar an tUasal Ó Corduiḃ taoḃ ṫiar den Ċomar-Ċumann seo, go n-éiríoḋ leis ṫar na beartaiḃ, ⁊ go mbeiḋ sé na ḃuntáiste mór do iascairí Ṁuiġeo Ṫuaiḋ.

**Ḃí P. A. Mac Giolla Laoire,** T.D., agus Seosaṁ Ó Líonaċáin, Co.C., i láṫair ag cruinniú mór díograsaċ de ionadaiṫe ó Ċumainn Ḟianna Fáil, i gceantar Ḃéal an Ṁuirṫid, i halla Séamuis, Ḃéal an Ṁuirṫid, Dé Domnaiġ seo caite, fá ċoinne aṫ-eagrú an Ċumainn mar ullmúċán do aṫ-eagrú ginearálta fríd ceantar Iorras agus Acla. Ar oifigiġ an Ċumainn a toġaḋ, ḃí M Mac Craiṫ, caṫaoirleaċ, Liam Barnes, rúnaí, Páoraic Leech agus Pilib Mac Aindriú, cisteoirí, S. Ó Feallúin, agus an caṫaoirleaċ, rúnaí agus na cisteoirí mar ionadaiṫe den Ċomairle Ceantar. Ceapaḋ iad seo leis an ḃailiúċán náisiúnta a ṫógaint: P. S. Ó Nuaḋáin, E. Talloch, Míċeál MacCraiṫ (Óg). Páoraic Leech, Pilib Mac Aindriú agus Míċeál Hopcins. Ag laḃairt leis an ċruinniú ṫug an tUasal Mac Giolla Laoire buíoċas do na daoine uilig in Iorras a ċaḃraiġ ċoṁ fial sin leis an feaċtas toġċáin, agus dúirt sé gur leor mar teast ar a gcuid oibre go raiḃ tromlaċ maiṫ ag Fianna Fáil ar an Freasúra, in gaċ ionad ḃótála in Iorras. Ba ṁaiṫ an coṁarṫa seo de na toġċáin Comairle Condae a ḃí a' teaċt i mbliana nó an ḃliain seo ċugainn. Agus d'ḟéadfaḋ an Rialtas a ḃeiṫ ag braṫ ar tacaíoċt iomlán ṁuintir Iorrais. Dúirt sé naċ ionadaí ar biṫ eile, Teaċta Dála ná Seanadóir anois, i Muiġeo Ṫuaiḋ, agus go mbeaḋ breis oibre le déanaṁ aige féin. Ṫug sé gealluint go ndéanfaí gaċ iarraċt ab' ḟéidir le freastal ar an ċeantar. Ċuir an Coṁairleoir Ó Líonaċáin, fáilte roiṁ an Teaċta Mac Giolla Laoire, agus rinne coṁġáirdeaċas leis ar an ḃua a ḃí aige insan toġċán, agus dúirt sé go raiḃ luċt Fianna Fáil ana díograsaċ go mbeaḋ na toġċáin áitiúla ann i mbliana san dóiġe go ḃfaiġeaḋ siad smaċt ar Ċoṁairle Condae Ṁuiġeo le polasaí dul ċun cinn Ḟianna Fáil, a ċur i ḃfeiḋm, agus gan an condae a ḃeiṫ ag ligint a gcuid maidí le sruṫ mar ḃí le cúig bliana. Dá mbeaḋ fir óna ceantair eile, mar ḃí in Iorras, adúirt sé, d'ḟéadfaí a ḃeiṫ cinnte de Ḟianna Fáil insan ċondae, agus ní ċaillfeaḋ siad mar a ċaill siad insan toġċán mór an t-am seo. Aċ' b'ḟéidir naċ raiḃ ainsin aċ a leas uilig, mar ċaḃróḋ sé le aṫ-eagrú ceart a ḋéanaṁ ar an Ṗáirtí in Muiġeo Ṫuaiḋ. Ḃí sé táḃaċtaċ go dtuigfeaḋ na daoine naċ ḃféadfaḋ le eagras ar biṫ aċ Fianna Fáil an tairḃe ab' ḟearr a ḟáil ó Rialtas Ḟianna Fáil ar a son. Dúirt an Coṁairleoir Ó Líonaċáin gur ċeart craoḃaċa ban den eagras a ḃunú. Ḃí mná a' dul isteaċ in eagrais eile, ġeall ar a ḃeiṫ isteaċ in eagrais eile, ġeall ar a ḃeiṫ istiġ in eagras éigin, aċ, ba ċeart a ċur i dtuiscint díoḃa naċ raiḃ dóiṫe níos fearr lena gceantar féin a ḟeaḃsú ná fríd eagras Ḟianna Fáil, agus go raiḃ fáilte rompa ansin. Dúirt an tUasal Ó Líonaċáin naċ raiḃ insan ċailliúint a ṫárla dó aċ spreagaḋ le tuilleaḋ oibre a ḋéanaṁ ar son na ndaoine a ḃí ag braṫ air. Tá na daoine a lig síos muid, nuair a ḃí muid ag braṫ orṫa, scarṫa uainn anois, agus ag braṫ orṫa féin, agus gan duine ar biṫ mór leo. Cinneaḋ go dtosnófaí láiṫreaċ ar aṫ-eagrú fríd Iorras, gan aon ṁoill, agus go dtaḃarfaí cuireaḋ do Airí agus Rúnaiṫe Pairliminte a raiḃ freagarṫaċt ar leiṫ acu do ċúrsaí an Iarṫar, ċun teaċt go dtí an ceantar. Cinneaḋ freisin, go ndéanfaí iarraċt ar tailte agus feirmeaċa a ḃí ḋá ligint 'un báine a ġlacaḋ i seilḃ an Coimisiún, ar son leas an ċeantair.

**An tseaċtain seo caite, rugaḋ** an ċéad ġaṁain Charolais. Dó le T. Ó Gonnigle, Ḃéal an Ṁuirṫid a rug an ġaṁain seo.

**Cuireaḋ an ċoróin ar Antoine** Breaṫnaċ, Tollaċán, Duṫ Tuama, mar Rí an Daṁsa, ag Gleann an Ċaisleáin, an tseaċtain seo caite.

**Ḃuaiġ Foireann Sleaġ (Darts)** ó Mattie Labelles Ḃéal an Ṁuirṫid, ar foireann ó Seosaṁ Mac Carrṫaiġ, Bárr na Trá, i gcluiċe ag Ḃéal an Ṁuirṫid, Dé hAoine seo caite le oċt gcluiċe i gcoinniḃ ceaṫrar.

**Tá an Sáirsint Ó Caṫasaiġ as** Gleann na Muaiḋe, aistriṫe go dtí an t-ionad traenála gárdaí, ag Teampall Mór, áit a mbeiḋ sé mar teagascóir do na gárdaí úra.

**Tá Róisín Ní Ṁóráin, iníon** do D. Ó Móráin, agus a ḃean, Cnoc Máiġ Lín, imiṫe go dtí an Warwick, Salthill. Rinne sí cúrsa traenála ag Óstán an Iarannróid, Maolraiṫe, ar na mallaiḃ.

**I seaċtain aṁáin, d'ḟág cúigear** daoine óga ceantar Baile Cruaiḋe, le h-imeaċt go dtí na Stáit Aontaiṫe, mar a ḃí M. Ó Conḃuí agus a ḃean, Seán Ó Caimbéal, Seán Mac Gaḃann ⁊ Páoraic Caimbéal. Tá os cionn 60 daoine óga a d'imiġ go Sasana agus go hAlbain i gcaiṫeaṁ na seaċtaine.

## AN CLOĊAN LIAṪ

**Tá clú ar cuid oibríṫe na Rosa** is cuma cé'n áit a dtéann siad, agus tá baint acu le record úr a rinneaḋ de ṫairḃe pollaḋ carraigeaċa ag Beann Cruaċáin, in Albain. Ḃí triúr as an gceantar seo páirteaċ in criú de tollán, nuair a ḋein siad record úr de pollaḋ carraigeaċa. Sé an record úr seo ná 563 troiġ in 7 lá, agus tá siad trí troiġ níos áirde ná an 537 troiġ a críoċnóiḋ ar an 27ú Deire Fóṁair, 1955 ag Bread Albane, Cumrie, nuair a ḃí Colm Ó Gallċoḃair, as Caraḃan Road, Donnċa Ó Baoill, as an Diamond, agus Páoraic Mac Aoḋa as Cuileann, An Cloċán Liaṫ, ag obair ann.

## SAGART PARÁISTE ḞÁNAIDE

Tá an tAṫair N. S. Mac Raḃartaiġ, a ḃíoḋ ina Ṡagart Cúnganta in Ard a' Ráṫa, agus roiṁe sin ag Carraig agus Béal Áṫa Seanaiġ, ainmníṫe mar Ṡagart Paráiste ar Fánaid. H-ordníoḋ é in 1927 i gColáiste na nGael i bParis. Ar na h-aṫraiṫe eile téann an tAṫair Seán S. Ó Gallċoḃair go dtí Árd Aċaiḋ, agus an tAṫair Niall Ó Baoill, S.C., Ard Aċaiḋ, go dtí le ḃeiṫ ina Ṡagart Cúnganta ag Cill Cluanaiġ.

# AN SPIDÉAL

**Tá an Ṁeán Scoil anseo ag** méadú ar fad. Tá slua mór ag freastal ar an ṁeánscoil i mbliana, agus an ḃliain seo ċugainn, meastar go mbeiḋ níos mó. Beiḋ an scrúdú ċun cead d'ḟáil isteaċ go dtí an scoil agus ċun scoláireaċta a ṫaḃairt lo na daltaí is fearr, insan ṁeánscoil, ar an Saṫarn, an 22ú lá Bealtaine. Páistí faoi 14 a ligfear isteaċ ar an scrúdú, agus scrúdófar iad i nGaeilge, Béarla agus Uiṁríoċt.

# NUAÍOĊT AS NA DÚNAIḂ

**Tá boṫ ṫeileafóin curṫa suas** ar taoḃ na sráide i gCarraig Airt, i lár an ḃaile-ṁóir, idir teaċ Uí Ċaḃla agus Siopa Ṁic Ġiolla Ḃuí. Tá cóngar cosúil le seo de ḋiṫ go mór ins na Dúnaiḃ. Aċ 'sé an ais is mó atá de ḋíoḃáil ar an dá ḃaile ná leitreas poiblí a ḃeiṫ ar fáil iontu (mar b'éigean don ḃunaḋ a ḃfuil suíoṁ carḃan acu a ḋéanaṁ — ar ordú ón Roinn Sláinte). Tig na céadta anseo ċugainne gaċ Domnaċ sa tsaṁraḋ ar ḃusanna as na Sé Ċondaete agus áiteanna eile agus tá sé ina ċúis náire do Ḃord Fáilte agus dá leiṫéid an ċóir easpaċ sláintíoċta atá fá ċoinne na gcuairteoirí.

**Dé Domnaiġ s' ċuaiġ ṫart, an** 9ú inst.. a ḃí an tórraṁ ann a ṫug corp Seon Eoí Uí hEireaċtaiġ, as na Dúnaiḃ, ċun na reilige in Umlaċ — agus é faoi ċeann ċeiṫre mblian don ċéad a ḃeiṫ curṫa isteaċ aige ici bás. Coṁḃrón na paróiste a ṫaḃairt don ḃaintreaċ, Áine, agus dá gclann mac: Éamon agus Mánus (ins na Cealla Beaga): Donċa agus Séarlaí (i Sasana) agus Ṗádraig (sa ḃaile)—agus dá gcuid 'níonaċ: Máire, Bean Ṡeáin Uí Ċeallaiġ (Manorcunningham); Gráinne, BeBan Enri Nall (in Albain), Citi (in Doire) agus Treasa (sa ḃaile anseo) — agus dá gcuid daoine muintearṫa uiliġ i Ros Goill.

**Coṁġáirdeas le Stiopán Ó** Sioḃláin, mac de Ṁíċeál 'gus de Ṁáire, as Ailt a' Ċaorṫainn, in aice leis an Ṁíoḃaí: gur scairteaḋ air go Príoṁ Áras na nGárda i mBaile an Teampaill Ṁóir le cúrsa traenála a ḋéanaṁ ann go ceann tréiṁse leaṫḃliana.

**I dteaċ-pobail Naoṁ Eoin** Baiste i gCarraig Airt, ar an tseaċtain seo a ċuaiġ ṫart, pósaḋ Aindí Ó Siail, as Aċaḋ a' Leatai, ar Ṁáire Ní Ḋoċartaiġ, as Tír Leaṫan. A ḋearṫáir féin, Mánus, a ṡeas ag an altóir leis, agus ba í Eiḃlín Bean Uí Ṁaoil Ċearra, as an Duiḃlinn Ṁór, a ḃí ina mátrún coiṁdeaċta ag an pósaḋ. Tionólaḋ an ḃainis in Óstáin Uí Luaḋóig i gCranṗort ⁊ níba mó na trí scór dá gcáirde sa láṫair ann; ba é dearṫáir na bríḋeoige, Dinall (a ṫáinig ċun a ḃaile as Meiriceá le ḃeiṫ ann) a ḃí i mbun na bainise. Tá an lánúin ar ṡiúl anois le mí-na meala a ċaiṫeaṁ i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Ḃí oíċe ṁór i gCarraig Airt agus ins na Dúnaiḃ Dé Saṫairn seo a ċuaiġ ṫart nuair a ḃí fáilte á ċur roiṁ Niall Óg Ó Bléine, ins an dara tréiṁse dó mar Aire Rialtais Áitiúil — an ċéad uair dó inár measc ó ḃí an toġċán mór ann. Cé gur tráṫnóna fionṫaċ doineanta a ḃí ann, ḃí an dá sráid maisiṫe faoi ḃrataċa ildaṫaċa agus ceannscríḃinní croċta in airde. Deirtear go raiḃ os cionn leaṫċéad gluaisteán ar a lagaḋ ann—as an Ġleann, as Cranṗort agus as Baile na nGallóglaċ (Milford).

# GAOṪ DOḂAIR

Tá an leaṫaċ íontaċ fairsing fá ċladaí Ġaoṫ Doḃair i mbliana agus tá cuid de na feirmeoirí ṫart ag baint neart úsáide as fá ċoinne leas de na préataí, agus don talaṁ curaíoċta. Leis na stoirmeaċa an geiṁreaḋ seo, siaḃaḋ cuid mór de isteaċ ar an ċladaċ.

**Fada ó ṡin, le teaċt an earraiġ,** ḃíoḋ an raċairt ar luiḃ, a ḃíoḋ ag fás i bpoill uisce fá na portaí, Baċrán. Ḃí sé íontaċ maiṫ ar fad do ṗáistí agus do ḋaoine fasta leis an ḟuil a ġlanaḋ, agus cé naċ raiḃ blas dó ḋeas air, ba ioma páistí ar tugaḋ orṫa a ġlacaḋ, agus ar ċoinniġ sé slán follán iad. Ḃí árd ṁeas ag pobal na Gaeltaċta air, aċ ní raiḃ oiread ag cuid den dream óg a ṡíl go raiḃ aċan rud le fáil as siopaí poitcéacéara. Aċ, tá aṫrú air sin, agus tá iarraiḋ anois ar an ḃaċrán, agus ní imeasc luċt tuaiṫe aċ imeasc luċt eolaíoċta. Tá cuid des na siopaí poiteacéara, nó chemist is fearr dá ḃfuil ann, ag iarraiḋ agus ag taḃairt airgead ṁaiṫ ar oiread baċráin agus is féidir a ċruinniú, agus tá neart daoine fríd Gaoṫ Doḃair ag déanaṁ airgead maiṫ go leor ag cruinniú an ḃaċráin seo.

**Obair eile atá ar siúl fá ċladaċ** Ġaoṫ Doḃair san am i láṫair nó bailiú an ċairigín, agus dilisc. Tá éileaṁ iontaċ maiṫ ar an ċairigín seo fosta agus níl bia is fearr ná is sláintiúla ná é. Tá luaċa árd ḋá ṫairiscint air. Má ḃíonn sé triomaiṫe mar is ceart, is fíor ḋeas an annlann a níonn sé indiaiḋ dinéara. Coṁ maiṫ le rud ar biṫ a ṫig a ḟáil as paicéad.

**Tá iarraiḋ ṁór ar sliġ-éisc** fosta agus tá siad a' dul ċoṁ h-árd le 32s. an céad, ar faoċógaí.

**Níl mórán maiṫ insan slat-iascaireaċt** i nGaoṫ Doḃair go fóill. Ḃí an aimsir ró ṫirim agus tá coṫrom an uisce íseal go maiṫ ins na h-aiḃneaċa agus ins na loċa. Tá an t-uisce ċoṁ h-íseal ⁊ a ḃí sé le blianta, ar Loċ Caol. Níl maiṫ san iascaireaċt i gCloiċeannaola aċ oiread.

**Tá an leictreaċas curṫa isteaċ** i Séipéal Ṗádraig, i Rinnṁaoil anois, agus is mór an t-aṫrú agus an feaḃas é i dTeaċ an Ṗobail. Tá leictreaċas ḋá ṫairiscint do roinnt de na daoine ṫart timpeall fosta aċ, deirtear go ḃfuil sé ró ċostasaċ.

**B'éigin stad den iascaireaċt** ṫart timpeall ċósta Ġaoṫ Doḃair an tseaċtain seo caite, ceann as go raiḃ an ḟarraige ró ṫógṫa. Tá séasúr na ngliomaċ faoi lán tseoil anois agus na báḋaí agus a gcuid foirne ag súil le déanaṁ go maiṫ as. San am ċéanna, tá cuid de na h-iascairí mí-ṡásta go ḃfuil luaċ ró íseal ar an iasc. I Málainn Beag, mar ṡompla, deirtear go ḃfuil i ḃfad barraíoċt de na h-éisc a ṫagann isteaċ insan ṁonarca minéisc. Tá na h-iascairí ag súil anois go mbeiḋ margaḋ fá ċoinne iasc maiṫ insan gnáċ dóiġe, ar luaċ a d'íocaḋ iad as a gcuid costasaí.

# ACAILL

**Tá Cumann Lúṫ-Ċleas Gael ag** dul ar aġaiḋ ċun a ndualgaisí a ċoṁlíonaḋ i leiṫ na teangan náisiúnta, in Acaill ar aon ċuma. An tseaċtain seo ċaite, piocaḋ an foireann soisear a ḃéas ag imirt i gcoinniḃ Island-deadaí oíċe Ċeadaoine. Rinneaḋ iomlán gnó na roġnóireaċta as Gaeilge, agus iomlán socraiṫe fá taisteal agus eile. Níl sé seo aċ ceart i gceantar fíor-Ġaeltaċta mar Acaill. agus is sompla é a ba ċeart go leanfaḋ na h-eagrais eile uiliġ atá ag obair san dúṫaiġ seo.

**Oíċe Aoine seo caite, ḃí céilí** na buaiḋe ag Cumann LúṫĊleas Gael, Aċla, i halla Bun a' Ċoire. Bronnaḋ na boinn ar foireann soisear agus mionúr Naoṁ Uinsionn, agus ḃí slua maiṫ i láṫair a ḃain taiṫneaṁ agus cuideaċta as an oíċe. Ṫug Banna Ceoil Naoṁ Colm an ceol, agus ḃain rinnceoirí spóirt agus pléisiúr as na daṁsaí Éireannaċa.

**Ag an ċruinniú de Ċumann** Luṫ-Ċleas na mBunscoil, Acla, oíċe Aoine seo caite, toġaḋ an tAṫair Mac Annraoi, S.C., mar caṫaoirleaċ agus S. Mac Seáin, O.S., Duḃ Éga, mar rúnaí. Cinneaḋ go mbeaḋ na cleasa lúṫ scoile ann ar an Diardaoin, an 17ú lá. San ċrannċur do imirt, réitíoḋ go mbeag Corrán (a) ag imirt i gcoinniḃ Gob a' Ċoire; (b) Duḃ Éada (c) ag imirt i gcoinniḃ Sáile agus Dóirín (e) i gcoinniḃ Toinré Gaoṫ (f). Cinneaḋ go n-imreófaí trí ċluiċe gaċ seaċtain, ag tosnú an tseaċtain seo. Cluiċe aṁáin gaċ tráṫnóna Dé Máirt, agus ḋá ċluiċe tráṫnóna Diardaoin.

**hOsclóiḋ Oifig Eolais Turasóireaċt ag Gob a' Ċoire Dé** Saṫairn seo caite, agus is cinnte go ndéanfaiḋ sé maiṫeas mór do ṁuintir Acla agus do na turasóirí, nó beiḋ eolas le fáil ann fá tiṫe na ḃfuil lóistín ar fáil iontu, agus tiṫe atá folaṁ, nó naċ ḃfuil líonta amaċ.

**Ḃí Oifigeoir ó Irish Shipping** Teo. san ṗaráiste ag fiosrú fá buaċailli óga ar ṁaiṫ leo dul le máirneálaíoċt an tseaċtain seo caite. Deirtear go raiḃ toraḋ maiṫ ar a ċuid fiosraiṫe.

**Is trua go ḃfuil Eoin Mac** an Ṁáistir, a raiḃ clú mór air mar imireoir peil do Acaill, imiṫe go Sasana ón tseaċtain seo caite.

# CLOIĊEANNAOLA

**Le coicís anois, tá na scaoieanna** scadán le feiceáil i mbáiġ Ṫoraiġ. Níor tógaḋ mórán díoḃa go fóill ar an áḃar go ḃfuil an ḟarraige ró ṫógṫa agus sruṫanna ag riṫ. Ar na mallaiḃ, ċonactas roinnt ṁór liaṁáin gréine ṫart fá'n ċeantar, agus glactar ó sin, mar deir na h-iascairí, go mbeiḋ scaoíeanna móra scadán ag bogaḋ isteaċ roiṁ i ḃfad. Is maiṫ an coṁarṫa na liaṁáin gréine i gcónaí go mbeiḋ na scadáin tiuḃ ansin.

**Tá cuideaċta ó Northampton** le suirḃé a ḋéanaṁ ṫart fá Corrán Binne, fé ċoinne long ṁór a cuireaḋ síos aimsir an ċogaiḋ, cosúil leis an Donafice, a ṡuncáil fó-ṁuirí de ċuid na Gearmáine taoḃ amuiġ de Oileán Inis Ṫiar, i Lúnasa, 1917, agus ar tógaḋ an last copar a ḃí air, ⁊ deirtear gur ḃfiú £9,000 é. Deirtear go ḃfuil last luaċmar ar an long eile seo, atá siad a ċuart úanois taoḃ amuiġ de Ċorrán Binne.

**Rinneaḋ iarraiḋ ṁór ar Ċnoc** Laracus le deireaḋ a ċur leis na madaí rua, aċ, ina aineoin sin uiliġ, tá siad ag éirí líonṁar go maiṫ, agus dána go maiṫ, ag teaċt anuas ċun na tiṫe agus ag sciobaḋ leo cearca agus co[illegible]